

Cruinniú na nÓg

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

# Gairm Oscailte ar Iarratais

**Páirtnéirí Straitéiseacha maidir le Cruinniú na nÓg 2025–2027**

# Cé a eagraíonn an Ghairm Oscailte?

## Cuireadh Éire Ildánach ar bun d'fhonn scód a ligean don acmhainn cruthaitheachta sna daoine agus sa phobal, d'fhonn a gcuid maitheasa a chothú agus ar mhaithe le tairbhe mhuintir na tíre uile.

Dírítear ar bhealaí nua agus ar dheiseanna nua le páirt a ghlacadh in imeachtaí cruthaitheachta agus cultúir a spreagadh agus a chothú. Is clár uile-Rialtais cultúir agus maitheasa é Éire Ildánach a bheidh á rith go dtí an bhliain 2027. Is féidir cuid mhór eolais eile a fháil ar www.creativeireland.gov.ie.

Is gné thábhachtach den chur chuige an chruthaitheacht a spreagadh gach tráth de shaol an duine agus téann treisiú le daoine óga de gach cáilíocht shaolta ceiliúradh agus cíoradh a dhéanamh ar a gcuid cruthaitheachta go croí an chúraim. Cruthaíodh, in éineacht le daoine óga agus lena gcuid comharsanachtaí, Cruinniú na nÓg, an chéad lá comórtha riamh maidir le cruthaitheacht leanaí agus daoine óga.

Bíonn sé ar siúl i mí Meithimh gach bliain agus cuirtear toradh na cruthaitheachta i lár an aonaigh le 1,000 imeacht do na mílte daoine óga ar fud oileán na hÉireann Bíonn éagsúlacht imeachtaí ar siúl, damhsa agus cluichíocht, ceol rap agus sorcasaíocht, líníocht, amharclannaíocht agus cuid mhór eile.



*An Ealaín Trasna Teorainneacha Éire Ildánach Doire*

# Cruinniú na nÓg




## Cruinniú na nÓg, lá náisiúnta saoirse cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois. Éire an chéad tír ar domhan, agus an t-aon tír ar domhan, ina n-eagraítear lá den sórt seo.

Tá Cruinniú na nÓg ar cheann de na bearta príomhthábhachta a chuirtear romhainn sa phlean Óige Ildánach. Eagraítear an ceiliúradh gach bliain agus tugtar cuireadh do dhaoine óga páirt a ghlacadh i gclár imeachtaí saor in aisce de bhearta cruthaitheachta, a gcuid scileanna cruthaitheachta a léiriú, triail a bhaint as cineál nua cruthaitheachta agus, seachas aon ní eile, spraoi a bheith acu.

Seo a leanas na príomhaidhmeanna le Cruinniú na nÓg:

- a chur ar chumas leanaí agus daoine óga an acmhainn cruthaitheachta atá iontu a chothú trí dheiseanna a chur ar fáil dóibh páirt a ghlacadh i mbearta cruthaitheachta saor ó tháille ina gcomharsanacht féin;
- cur leis an aird agus leis an tuiscint ar an tairbhe a eascraíonn ó pháirt a ghlacadh i mbearta cruthaitheachta.

Ón mbliain 2023 i leith, tá clár Chruinniú na nÓg á eagrú ar oileán uile na hÉireann i gcomhréir le cuspóirí thionscnamh Rialtas na hÉireann maidir le hOileán Comhroinnte a bhfuil d'aidhm leis comhoibriú agus caidreamh tairbheach a chothú ar fud oileán na hÉireann. Is cuid lárnach seo de ghné an Oileáin Chomhroinnte den chlár Éire Ildánach go huilechuimsitheach (féach aguisín 1).



*"The Spark"*
*le The Kabin Crew &*
*Lisdoonvarna Crew*
*GMC Beats*

## Buneolas

Tar éis seacht mbliana, tá Cruinniú na nÓg ar cheann de na dátaí is tábhachtaí i rith na bliana ó thaobh cúrsaí cultúir in Éirinn. Bíonn deis á tabhairt anois do líon is mó ná 1.5 milliún leanbh agus ógánach ar fud oileán na hÉireann a bheith fiosrach fiafraitheach, ceapadóireacht agus nuáil a dhéanamh, beart cruthaitheachta is mian leo a dhéanamh a chur i gcrích nó cumas cruthaitheachta atá iontu féin a léiriú.

**Cad atá ann?**

Ócáid uile-oileáin é Cruinniú na nÓg a eagraítear gach bliain i rith mhí Meithimh do leanaí agus d'ógánaigh faoi bhun 18 mbliana d'aois. Cuirtear romhainn rannpháirtíocht a spreagadh agus a shocrú i réimse leathan de bhearta cruthaitheachta a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga an acmhainn cruthaitheachta atá iontu féin a chothú, cur in iúl na cruthaitheachta a spreagadh agus caidreamh a cheangal le dreamanna éagsúla de lucht éisteachta agus féachana sa cheantar.

**Cathain a bhíonn ar siúl?**

Satharn amháin i rith mhí Meithimh gach bliain.

**Cá mbíonn sé ar siúl?**

I do chomharsanacht féin, le dreamanna de chuid na háite, in ionaid chultúir, i leabharlanna, i ndánlanna, in iarsmalanna, ar láithreacha obair óige, sna forais náisiúnta cultúir, amuigh faoin aer, i bpáirceanna, ar láithreacha oidhreachta, i hallaí pobail, i bhfoirgnimh stairiúla, in ionaid chathartha agus in ionaid eile inar féidir le leanaí agus daoine óga cruinniú le chéile.

**Na daoine ar a ndírítear**

Gach leanbh agus ógánach faoi bhun 18 mbliana d'aois, le béim faoi leith ar leanaí agus daoine óga a spreagadh nach mbíonn páirteach, nó nach gnáth deis acu a bheith páirteach, i mbearta cruthaitheachta.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara príomhthábhachta?**

Na hÚdaráis Áitiúla, an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Leanaí, Comhairle na nÓg, Hub na nÓg, RTÉ (Páirtnéir Meán Cumarsáide), TG4, na hAmbasadóirí óga a roghnaítear gach bliain agus eagraíochtaí deonacha ar fud oileán na hÉireann.

**An Lucht Airdill**

- Daoine óga.
- Tuismitheoirí na leanaí is óige agus ag roghnú imeachtaí agus na hógánaigh féin.
- Páirtnéirí agus páirtithe leasmhara straitéiseacha sna húdaráis áitiúla agus ar fud an rialtais.

**Na Páirtnéirí?**

Roghnaíonn Éire Ildánach páirtnéirí straitéiseacha a chuireann leis an bhforbairt, leis an éagsúlacht agus leis an bhfairsinge a ghabhann le Cruinniú na nÓg. Oibríonn na Páirtnéirí Straitéiseacha go dlúth leis na hÚdaráis Áitiúla ag fónamh do thionscnaimh trína gcuirtear ábhar agus bearta cruthaitheachta ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga.

**An ní a mbítear ag tnúth leis ó pháirtnéir?**

Treisiú leis an gcruthaitheacht agus le cur in iúl na cruthaitheachta sa leanbh trí dheiseanna a chur ar fáil tabhairt faoi réimse leathan de bhearta ardchaighdeáin i rith an lae.

Borradh a chur go fada fairsing faoin imeacht ionas go spreagtar rannpháirtíocht chomh leitheadach agus is féidir ag leanaí agus daoine óga ar an lá féin nó i dtionscadail a mbaineann gné fhorbarthach leo roimh ré agus gné taispeántais ar an lá féin.

**An Meon a bhaineann le Cruinniú na nÓg Cruthaíocht**

Áisiúlacht | Rannpháirtíocht | Participation | Páirtnéireacht | Acmhainneacht

— **Cruthaitheacht** — déantar freastal leis na bearta go léir do chur in iúl chruthaitheacht na leanaí agus na ndaoine óga, maidir le réimse is leithne ná bearta ealaíne agus cultúir de na cineálacha seanbhunaithe amháin, e.g. teicneolaíocht, códúchán, tionscadail bunaithe ar oidhreacht na háite.
— **Áisiúlacht** — tá na bearta ar fad saor ó tháille ionas go spreagtar rannpháirtíocht ag oiread leanaí agus daoine óga agus is féidir.
— **Rannpháirtíocht** — is é is fearr má bhíonn imeachtaí an chláir bunaithe ar dheis gníomhaíochta a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ionas gur féidir leo ní a dhéanamh nó a fheiceáil, a chruthú nó tabhairt faoi bheart cruthaitheachta de chineál nua.
— **Páirtnéireacht** — daoine d'aos cruthaitheachta an cheantair, eagraíochtaí ealaíne, ionaid chultúir, leabharlanna, dreamanna den phobal agus eagraíochtaí áitiúla a spreagadh chun cuidiú le himeachtaí an lae. Ba cheart go n-íocfaí luach saothair le gach duine den aos ealaíne agus cruthaitheachta a mbíonn baint acu le himeachtaí an chláir.
— **Acmhainneacht** — nuair is féidir, páirt a bheith ag leanaí agus ag daoine óga sa phleanáil ar Chruinniú na nÓg.



**An ceangal leis an gclár Éire Ildánach**

Tá Cruinniú na nÓg le háireamh ar na tionscnaimh mhórshuntais faoin *bplean Óige Ildánach*, an plean uile-Rialtais d'fhonn ligean don acmhainn cruthaitheachta i leanaí agus i ndaoine óga. Tá de chuspóir le hÓige Ildánach go mbeadh an chruthaitheacht croílárnach i gcóras oideachais na tíre agus fónamh do theacht níos furasta agus níos minice ag daoine óga ar bheartaíocht taobh amuigh den scoil i mbun cruthaitheachta.

Is iad na húdaráis áitiúla na príomhpháirtnéirí maidir le Cruinniú na nÓg a thabhairt i gcrích agus díríonn siad sin ar chlár sainchóirithe beartaíochta a leagan amach agus a thabhairt i gcrích maidir lena limistéar feidhme leis na bearta á gcur ar siúl “ar an láthair” in ionaid de chuid an údaráis áitiúil agus in ionaid phoiblí atá oiriúnach chuige.

# Cad is Páirtnéir Straitéiseach ann?

Is mian leis an gclár Éire Ildánach Páirtnéirí Straitéiseacha a mhealladh chun cur le réimse na n-imeachtaí agus na dtionscnamh a chuirtear ar fáil, in éineacht leis an gcuid a chuireann gach údarás áitiúil ar fáil, ionas go dtugtar forbairt, fairsingiú agus leathnú breise ar a mbíonn ar fáil ag Cruinniú na nÓg sna blianta 2025, 2026 agus 2027 agus ar an lucht spéise ina leith.




Creative Ireland Cavan

Eagraíocht, nó cuibhreannas eagraíochtaí páirtnéireachta, a bheidh sa Pháirtnéir Straitéiseach a bhfuil d'acmhainn ann Cruinniú na nÓg a thabhairt i gcrích ar bhonn réigiúnach nó ar bhonn uile-oileáin maidir le bearta cruthaitheachta saor in aisce a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga.

3 Pháirtnéir Straitéiseach atá á lorg a mbeadh ar a gcumas tionscnaimh a thabhairt i gcrích a mbaineann scála suntasach agus ardaidhm thábhachtach leo ar fud réimse leathan tíre le ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe san áireamh.

Ní mór ar a laghad Páirtnéir Straitéiseach amháin leis an acmhainn cláir agus bearta a chur ar siúl ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear soláthar do mhalartú trínar féidir leanaí agus daoine óga ón dá dhlínse a thabhairt le chéile. Ba cheart gur cuibhreannas comhpháirtíochta sin le heagraíocht amháin ar a laghad lonnaithe i ngach dlínse faoi seach. Is féidir le heagraíocht, gan bheann ar an dlínse ina bhfuil an eagraíocht sin lonnaithe, iarratas a chur isteach thar ceann an chuibhreannais comhpháirtíochta. I gcás iarratas ar bith lena mbaineann páirtnéirí éagsúla, ní mór aon eagraíocht amháin ar a laghad de na páirtnéirí a bheith ina heagraíocht cruthaitheachta/cultúir.

Is é is dócha go mbainfidh uasteorainn €150,000 in aghaidh na bliana leis an deontas i leith gach Páirtnéir Straitéiseach. (Uasmhéid iomlán €450,000 i leith tréimhse 3 bliana).

Is féidir na bearta a chur ar siúl roimh ré, idir Eanáir agus Bealtaine gach bliain (tráth ar féidir le daoine óga triail a bhaint as bearta éagsúla nó blaiseadh a fháil ar ghnás nua cruthaitheachta), agus ar an lá féin. Tugtar chun aire **gur gá bearta, tionscnaimh nó imeachtaí ar an láthair a bheith ar siúl in ionaid éagsúla lá Chruinniú na nÓg** (Dé Sathairn, an 7 Meitheamh 2025) ionas gur féidir le daoine óga spéis a chur iontu agus iad a thapú.

Ní mór do Pháirtnéirí Straitéiseacha an saineolas a bheith acu a theastaíonn chun caidreamh a chothú le meithle 'Cultúir agus Cruthaitheachta' na n-údarás áitiúil. Tá breis eolais faoi ról na Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ar fáil in Aguisín 2.

Is é is fearr má thagann tionscadal an pháirtnéir le cláir áitiúla Chruinniú na nÓg agus má chuireann sé leo trí dheiseanna a chruthú ceangal leis an tionscadal/tionscnamh forghinearálta.

Tá iarratais á lorg dá bhrí sin ó eagraíochtaí a bhfuil d'acmhainn iontu clár náisiúnta beartaíochta den chruthaitheacht a leagan amach agus a thabhairt i gcrích do lucht airdill leanaí agus daoine óga ar fud an oileáin ar fad.

Tá fáilte roimh iarratais:

- — atá dírithe ar obair próisis seachas ar ócáidí neamhspleácha aon uaire nó cur i láthair a tharlaíonn ar an aon lá amháin i mí Meithimh;
- — a chuireann leis an rogha de bhearta cruthaitheachta ar fud seánra leathanréimseach atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga agus go háirithe do dhaoine óga nach gcloistear go minic uathu (féach aguisín 3 maidir le sainmhíniú);
- — a chuireann leis an aird agus leis an eolas ar Chruinniú na nÓg.

Ó mhí Eanáir 2025 go mí na Nollag 2027 an tráthchlár do na Páirtnéirí Straitéiseacha.

Iarrfar ar na hiarratasóirí a léiriú conas a dhéanfar mar seo a leanas:

1. Caidreamh a cheangal le leanaí agus daoine óga 0–18 bliana d'aois i limistéar leathan tíre ionas go gcuireann siad spéis i mbearta cruthaitheachta. Cuirtear in iúl le do thoil na haoisghrúpaí ar a mbeifear ag díriú, e.g. leanaí luathóige (0–4), leanaí óga (5–8 agus 9–12), déagóirí óga (13–15), déagóirí níos sine (16–18)
2. Tabhairt go dúthrachtach faoi chuidiú le leanaí agus daoine óga deiseanna cultúir, cruthaitheachta agus ealaíne a thapú (féach an sainmhíniú leathanréimseach in Aguisín 3), leanaí agus daoine óga nach minic a chloistear uathu san áireamh
3. Nuáil a dhéanamh agus smaointe nua a chur chun cinn i ndáil le seánraí den chruthaitheacht
4. Deiseanna a chur ar fáil don chaidreamh tairbheach ar aon láthair trína dtugtar le chéile leanaí agus daoine óga ó dhreamanna éagsúla le gach cineál traidisiúin ar oileán na hÉireann i gcomhréir le cuspóirí agus aidhmeanna thionscnaimh an Oileáin Chomhroinnte;
5. Ábhar a chruthú d'fheachtais margaíochta Chruinniú na nÓg d'fhonn cur leis an aird agus leis an tuiscint ar a mbaineann le Cruinniú na nÓg, físeáin, ábhar do na meáin shóisialta agus deiseanna grianghraf san áireamh lena dtarraingítear aird ar an tionscadal;
6. Ambasadóir óige a ainmniú maidir leis an tionscnamh;
7. Meastóireacht agus tuairiscíocht a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar thorthaí an tsaothair.





*"The Spark"*
*le The Kabin Crew &*
*Lisdoonvarna Crew*
*GMC Beats*

## Cad atá i gceist le cruthaitheacht?

Tagann inniúlacht atá sa duine ó nádúr i gceist leis an gcruthaitheacht chomh maith le scileanna a fhoghlaimítear. Tá d'acmhainn san uile dhuine caidreamh agus cur in iúl a dhéanamh ar leibhéal na cruthaitheachta; agus is iomlánú pearsanta ar an duine sin a chleachtadh. Níl teorainn ar bith leis an gcruthaitheacht mar a chuireann leanaí agus daoine óga sin iúl agus iad ag samhlú smaointe agus dá gcur i láthair do dhaoine eile. Is é croílár na cruthaitheachta go mbíonn saoirse dul i bhfiontar, an tsamhlaíocht a thapú agus an dóigh go gcruthófar spraoi, iontas agus gliondar. Maidir le cuspóirí an chláir Éire Ildánach, faoi mar a leagtar amach sa phlean Óige Ildánach, tá fiosracht, daingne, samhlaíocht, smacht agus obair i gcomhar ar na scileanna agus na nósanna iompair is oiriúnaí ó thaobh bonn treise a chur faoin bhforbairt agus faoin bhfoghlaim.

Is féidir na cineálacha seo a leanas a áireamh ar na réimsí cruthaitheachta (cé go mbeadh cineálacha nach iad le háireamh chomh maith):

- Sorcasaíocht
- Scannánaíocht
- Litríocht
- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- Ceol (de gach cineál seánra)
- Damhsa (de gach cineál)
- Fuirseoireacht Sráide, Sorcasaíocht agus Seó Spleodair
- Amharclannaíocht
- Na hEalaíona Traidisiúnta
- Na hAmharc-Ealaíona
- An Oidhreacht Chultúir
- Ailtireacht
- Na hEalaíona Ildisciplíneacha
- Podchraoltóireacht
- Réaltacht Bhreisithe / Fhíorúil / Chumaisc
- Faisean
- Greann
- Dearthóireacht (de gach cineál)
- Cluichí Digiteacha
- Cruthaitheacht le Teicneolaíocht Dhigiteach
- Anamúlacht
- Códúchán
- Cócaireacht

## Iarratas

Tá Iarratais á lorg ó eagraíochtaí agus / nó cuibhreannais páirtnéireachta de na cineálacha seo a leanas:

- Eagraíochtaí nó forais ealaíne, cultúir agus oidhreachta,
- Eagraíochtaí agus craobhchórais chruthaitheachta,
- Eagraíochtaí óige,
- Carthanais chláraithe agus eagraíochtaí seachbhrabúis,
- Iarsmalanna, dánlanna agus ionaid ealaíne,
- Fiontair shóisialta.

**Ní mór ar a laghad aon pháirtnéir amháin a bheith le gach iarratas ar eagraíocht ealaíne/cultúir/cruthaitheachta/oidhreachta atá ann.**

**Is féidir páirtnéirí ó cheantracha éagsúla agus/nó le réimsí éagsúla saineolais a bheith ceangailte le hiarratas agus é leagtha amach acu oibriú in éineacht chun togra a thabhairt i gcrích ar fud na hÉireann. (Ní mór d'iarratasóir ceannais an t-iarratas amháin a dhéanamh thar ceann na bpáirtnéirí go léir)**

**Is féidir iarratas a bheith dírithe ar aon chineál amháin ealaíne nó réimse cruthaitheachta nó béim a leagan ar chineálacha éagsúla agus ar bhearta éagsúla cruthaitheachta.**

## Cúrsaí Buiséid

Cinntítear, an tráth a mbíonn an buiséad á leagan amach, go mbíonn táillí do dhaoine aonair agus buiséid do thionscadail faoi leith pléite go hiomlán taobh istigh den eagraíocht agus leis na páirtnéirí go léir. Beifear ag tnúth le haontú chomhaltaí uile mheitheal an tionscadail leis an mbuiséad atá leagtha amach sula sínítear aon chonradh le hÉire Ildánach. Moltar na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

### Bainistíocht Tionscadail

Ba cheart gur leor an táille seo chun costas am bhaill foirne riaracháin a ghlanadh (mar shampla, am a chaitear le bainistíocht tionscadail agus/nó riarachán airgeadais), chomh maith le haon leithroinnt i ndáil le barrchostais nó costas réasúnta eile atá riachtanach maidir leis an obair a dhéanamh.

### Luach Saothair

Táthar ag tnúth le soiléireacht agus follasacht sa bhuiséad, a dhéanfar a mheas ar bhonn comórtais, agus luach saothair cóir ceart á thabhairt, as ucht a gcuid ama, do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Ba cheart go mbeadh táillí na n-ealaíontóirí ag teacht le treoirlínte aitheanta an tionscail (féach eolas ón gComhairle Ealaíon agus ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann maidir le luach saothair d'ealaíontóirí agus lena bhfostú ar conradh).

### Meastóireacht

Tá de choinníoll go dtugtar san áireamh an costas a ghabhfaidh le torthaí/tionchar an tionscadail a mheas. Beidh ar na hiarratasóirí a n-éiríonn leo páirt a ghlacadh i mbeart cuimsitheach meastóireachta agus a bhfuil foghlamtha acu a chur in iúl.

**Cineálacha eile costais is féidir a thabhairt san áireamh:**

- Costas maidir le bainisteoir tionscadail a cheapadh ag a bhfuil taithí ar rannpháirtíocht daoine óga.
- Costas maidir le dream iléagsúil daoine óga a chruinniú le chéile maidir le tionscadal a leagan amach agus a mhaoirsiú, costas iompair agus taistil san áireamh.
- Malartúchán Daoine Óga lena mbaineann idirchaidreamh idir daoine óga ar bhonn uile-oileáin le beirt nó triúr i mbun comhar cruthaitheachta in éineacht, imeachtaí Dé Sathairn, an 7 Meitheamh 2025 san áireamh.

### Ábhar

Is mian linn, maidir le tionscadail a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, chomh maith le páirtnéirí nó soláthróirí a roghnú, treisiú le seifteanna atá éadrom ó thaobh carbóin agus le gnás oibre atá cóiriúil don timpeallacht.

### Costais nach bhfuil inghlactha

- Costas nach mbaineann go díreach leis an tionscadal
- Costas Cúlghabhálach i.e. caiteachas a tharla roimh an dáta ar ar aontaíodh an tionscadal
- Éileamh caipitil maidir le hobair feabhsúcháin ar láthair nó ionad oibre
- Iarratas maidir le sraith teilifíse nó feachtas fógraíochta ar leithligh
- Comhdháil ar leithligh

Tugtar chun aire nach mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe — Bainistíocht agus Cuntasacht maidir le Deontais ón Státchiste a shásamh go hiomlán, féach https://circulars.gov.ie/pdf/ circular/per/2014/13.pdf.

## An Próiseas Meastóireachta

Déanfaidh painéal meastóireachta na hiarratais a bhreithniú agus a mheas i ndáil leis na critéir thíosluaite. Ciste iomaíochta atá i gceist agus measfar go dtiocfaidh líon mór iarratas ar ardchaighdeán. Is é is dócha nach mbeidh ar ár gcumas ciste a chur ar fáil do na tionscadail ar fad a dtagann iarratas ina leith.

| Critéar | Marcanna ar fáil Ar fáil |
|---|---|
| An smaoineamh agus an cur chuige cruthaitheachta | 60 |
| Meitheal an tionscadail, teist maidir le toradh feidhme agus tosca féidearthachta | 40 |
| Taithí ar chaidreamh a chothú le leanaí agus daoine óga agus ar oibriú go héifeachtúil leo | 25 |
| An cur chuige maidir le freastal do rannpháirtíocht thréan Thuaidh/Theas i ndáil leis na tionscadail sin lena mbaineann bonn uile-oileáin agus/nó maidir le scaipeadh leathanréimseach ar fud na hÉireann a chinntiú. | 25 |
| Plean meastóireachta an iarratasóra | 25 |
| Ollscála agus ardaidhm maidir le himeachtaí a chur ar siúl ar fud réimse leathan tíre | 25 |
| **Iomlán na Marcanna atá ar fáil** | **200** |





## Foirm iarratais

Tá foirm iarratais ar fáil ach cliceáil anseo.

— Plean tionscadail lena n-áirítear tráthchlár beartaithe.

— Cuntas imlíneach ar sceideal beartaithe na n-imeachtaí agus na háiteanna ina mbeidh siad ar siúl; b'fhéidir gur mhian le hiarratasóir díriú ar láithreacha faoi leith an chéad bhliain agus díriú ar láithreacha éagsúla seachas sin an dara agus an tríú bliain.

— An buiséad beartaithe i rith na dtrí mbliana.

— Más i mbun páirtnéireachta atá beartaithe oibriú, tugtar cur síos ar na páirtnéirí, na gnáis a chleachtann siad agus an chúis gur mian leat oibriú i gcomhar leo.

— Bí cinnte go luaitear faisnéis faoin teist atá ar thoradh feidhme bhur gcuid oibre maidir le tionscadail cruthaitheachta ardaidhmeannacha ar mhórscála, de chineál a bhaineann le hábhar, a thabhairt i gcrích do leanaí agus do dhaoine óga.

— Iarrfar ort cuntas a chlárú agus déanfar an seoladh ríomhphoist a dheimhniú sula gcuireann tú an t-iarratas **faoi bhráid go críochnúil.**

— Is féidir iarratas a shábháil agus filleadh ar an obair tráth is faide anonn ach beidh an tairseach ag dúnadh ag **5.00 i.n. Dé Céadaoin an 6 Samhain** agus ní féidir oibriú ar an iarratas arís ina dhiaidh sin.

— Ón tráth a gcuirtear iarratas faoi bhráid, ní féidir an t-iarratas sin a leasú..

Éilítear faoin bpolasaí cistíochta atá ag Éire Ildánach go mbeadh aon eagraíocht a iarrann cistíocht a mbíonn baint g beartaíocht na heagraíochta le leanaí, daoine fásta a bheadh i mbaol nó ainmhithe in ann cóip a chur ar fáil de gach polasaí cosanta reatha a bhaineann le hábhar. In Éirinn, má bhítear ag obair le leanaí nó le daoine óga faoi bhun ocht mbliana déag d'aois nó ag cur saothar i láthair do dhaoine den aoisghrúpa sin, tá ceangailte ort a bheith in ann cóip den Pholasaí agus de na Gnáis Oibre maidir le Leas Leanaí agus Cumhdach Leanaí a chur ar fáil. Ní mór a chinntiú go ndearnadh an polasaí agus na gnáis oibre a leagan amach i ndáil le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí agus go bhfuil siad ag teacht go dlúth le prionsabail na treorach sin. Féach www.tusla.ie maidir le breis eolais.

## Togra a chur faoi bhráid

Ní mór iarratas a chur faoi bhráid ar líne trí Submit.com agus beidh an deis sin a dhéanamh á dhúnadh ar dhaoine ag 5 i.n. Dé Céadaoin, an 6 Samhain.

Is féidir fiosrúchán ar bith maidir leis an **nGairm ar Iarratais — Páirtnéirí Straitéiseacha maidir le Cruinniú na nÓg 2025–2027** a thabhairt i bhfeidhm a sheoladh ar an ríomhphost chuig creativecommunities@tcagsm.gov.ie.

## Buiséad

Trí dheontas €150,000 in aghaidh na bliana a cheadófar d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus sin i gcomhréir le cuspóirí agus aidhm na dtograí.

## Dátaí Tábhachtacha

| | |
|---|---|
| 11 Meán Fómhair | Beidh an córas iarratais ar líne oscailte maidir le hiarratas a chur faoi bhráid.<br>Moltar go láidir leagan Word den fhoirm iarratais agus den cháipéis mionteagaisc a chruthú agus iad sin a bheith léite roimh ré sula dtarlaíonn an seisiún teagaisc ar líne. |
| 4 Deireadh Fómhair | Seisiún Teagaisc Ar Líne.<br>Seimineár gréasáin ar líne ag a gcuirfear cuntas ginearálta faoin gciste i láthair chomh maith le seisiún Ceisteanna & Freagraí a reáchtáil. Cláraigh anseo. |
| 15 Deireadh Fómhair | Seisiún teagaisc ar an láthair i mBéal Feirste ag a mbeidh deis freisin bualadh le páirtnéirí ionchais. Cláraigh anseo. |
| 6 Samhain | An dáta deiridh d'iarratais. Is ceart iarratais a chur faoi bhráid trí submit.com faoin 5 i.n. |
| Mí na Nollag 2024 | Fógra chuig na hiarratasóirí a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo. |
| 7 Meitheamh 2025 | Cruinniú na nÓg |
| Samhain 2025 | Dáta deiridh maidir le cistí 2025 a tharraingt anuas. |
| Meitheamh 2026 | Cruinniú na nÓg |
| Samhain 2026 | Dáta deiridh maidir le cistí 2026 a tharraingt anuas. |
| Meitheamh 2027 | Cruinniú na nÓg |
| Samhain 2027 | Dáta deiridh maidir le cistí 2027 a tharraingt anuas. |

Ó mhí Eanáir 2025 go mí na Nollag 2027 an tráthchlár maidir le tionscadail na bPáirtnéirí Straitéiseacha a rith.

Féachfar le gach iarratasóir, iad sin a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo, a chur ar an eolas faoi mhí na Nollag 2024.

## Buneolas breise

Roinnt Páirtnéirí Straitéiseacha a leag amach agus a thug i gcrích tionscadail náisiúnta do lucht airdill uile-oileáin roimhe seo:

- Céilí in the Kitchen*
- Let's Go Fly A Kite*
- Branar Up Poetry for 'Lil Peeps
- Become a Young Story Keeper
- Coding for Cruinniú
- Create a Video Game App*
- My Creative Life*
- Dance Ireland Dancing by Distance*
- Sing Ireland Oró, Sé Do Bheatha 'Bhaile*
- 'We Create Magic' rap
- Circus Explored
- Rhyme Island
- This Is Art

*Ar líne mar gheall ar shrianta maidir le COVID 19 a bheith i bhfeidhm.

## Foilseacháin ábhartha

Athbhreithniú Córasach ar Óige Ildánach 2017–2022 Óige Ildánach 2023–2027

# Aguisín I

## An clár Éire Ildánach agus tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte

Tá deis ag Éire Ildánach, faoi scáth thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte, deiseanna cruthaitheachta a thriail maidir le muintearas a chruthú agus a chothú le caidreamh sóisialta, plé agus comhrá. Féach https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2023/06/CI_Shared_Island_Flyer_AW_Screen.pdf.

Tionscnamh uile-Rialtais ar a leagtar buntábhacht is ea tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte d'fhonn caidreamh a chothú le gach dream agus daoine de gach traidisiún polaitíochta ar mhaithe le comhaontú tola faoina bhfuil i ndán don uile dhuine ar an oileán bunaithe ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá Ciste an Oileáin Chomhroinnte ina bhonn treise ag an Rialtas leis an tionscnamh agus ar a laghad €1 billiún curtha ina leith go sonrach amach go dtí an bhliain 2030 maidir le gealltanais infheistíochta agus aidhmeanna faoi Phlean an Rialtais agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta leasaithe 2021–30 a thabhairt i gcrích; agus clár caidrimh ina lón eolais maidir leis an tionscnamh bunaithe ar shraith Idirphlé an Oileáin Chomhroinnte agus ar chlár cuimsitheach taighde i ndáil le réimsí beartais trína gcuirtear bonn tréan fianaise agus anailíse ar fáil faoi oileán na hÉireann maidir e cúrsaí eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta. Tá mioneolas breise faoi thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte ar fáil ar www.gov.ie/sharedisland.

Féachtar le gné an Oileáin Chomhroinnte faoin gClár Éire Ildánach úsáid a bhaint as an gcruthaitheacht ar bhonn oileán comhroinnte ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

1. Cur leis na deiseanna do thionscnaimh chultúir agus cruthaitheachta ildreamanna idir leanaí agus daoine óga;
2. Cuidiú le húdaráis áitiúla treisiú le craobhchórais chruthaitheachta a fhónann do chomhpháirtíocht bhríomhar shoicheallach idir daoine agus idir dreamanna;
3. Éire a bheith ina ceannródaí ar fud thíortha an domhain maidir leis an bhfiúntas atá leis an gcruthaitheacht agus leis an tsláinte mheabhrach a léiriú, i bpobal atá tar éis coimhlinte agus eile;
4. Dlús a chur leis an gcomhar ar mhaithe le hoileán is inmharthana ó thaobh cúrsaí timpeallachta agus sóisialta.

Rinneadh, sa bhliain 2023 agus sa bhliain 2024, clár Chruinniú na nÓg a leagan amach ar bhonn uile-oileáin le himeachtaí trasphobail ina cheangal idir leanaí agus daoine óga ón Tuaisceart agus ón Deisceart.





# Aguisín 2

## Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta an Údaráis Áitiúil

Fágann leibhéal an tsaineolais maidir le gnéithe teicniúla ag daoine ar an meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ag gach údarás áitiúil go seach go mbíonn leibhéal léargais, acmhainní agus taithí ar chur i bhfeidhm acu seachas mar atá ag eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí ná san earnáil phríobháideach.

Is é atá de ról leis an meitheal:

— Fóram comhair a chur ar fáil maidir le haidhmeanna arda an údaráis áitiúil i ndáil le cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Béim a leagan ar iléagsúlacht agus ar lánpháirtíocht agus cur ar chumas dreamanna dochaideartha páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur leis an saineolas inmheánach agus le straitéisí inmheánacha maidir le dea-bhail an duine, comhdhlús sóisialta agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas breise a bhaint as cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta chun aidhmeanna áirithe de chuid an údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích;

— Foráil d'athrú ar an bhfiúntas a cheaptar le hearnáil an chultúir agus na cruthaitheachta in údaráis áitiúla agus ar a bhfud ionas go gcinntítear gur dlúthchuid de phleananna agus de pholasaithe an údaráis áitiúil agus de na meithle tionscadail gné an chultúir agus na cruthaitheachta;

— Brostú le beartaíocht an chomhair trína bhfóntar don athrú agus do thoradh tairbheach dá bharr go háitiúil agus, más amhlaidh is féidir, ar leibhéal an réigiúin mar gheall ar chomhar idir údaráis áitiúla;

— Dul i bhfiontar agus i muinín na nuála — triail a bhaint as tograí nua agus as modhanna úra oibre.

# Aguisín 3



## Leanaí agus Daoine Óga nach minic a Chloistear uathu

Leanaí agus daoine óga ar lú deiseanna a bhíonn acu agus ar mó bacanna a chuirtear rompu sa saol. D'fhéadfadh go mbeadh le háireamh leo na leanaí agus na daoine óga sin ar leanaí iad atá faoi chúram:

— a mbíonn caidreamh acu le córas dlí agus cirt na ndaoine óga/atá i ngéibheann nó a ciontaíodh i gcoir níos luaithe ina saol;

— a bhfuil foréigean á fhulaingt acu ag baile;

— ar de bhunadh eitneach mionlaigh iad;

— atá gan dídean nó i mbaol a n-áit chónaithe a chailleadh/ atá ina gcónaí in áras sealadach/ mí-oiriúnach;

— atá in ospidéal (lena n-áirítear daoine a bhfuil deacracht acu leis an tsláinte mheabhrach);

— atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach (LADT); — atá dearóil;

— atá ag maireachtáil sa mbochtanais;

— a mhaireann ar an iargúil faoin tuath;

— a bhfuil deacracht acu leis an tsláinte mheabhrach;

— a bhfuil andúil tuismitheora le fulaingt acu;

— a bhfuil eascairdeas laistigh den teaghlach le fulaingt acu;

— nach bhfuil ag freastal scoile;

— a bhfuil míchumas colainne nó intleachta ag gabháil dóibh;

— a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu;

— ar den lucht dídine nó de dhaoine atá ag lorg tearmainn iad;

— ar de bhunadh an Lucht Siúil nó na Romach iad;

— atá dífhostaithe;

— ar cúramóirí óga iad;

— ar daoine óga iad atá i gceannas ar theaghlach aon tuismitheoir/ chúramóir amháin;

— a bhfuil iarratas déanta ina leith maidir le cumhdach idirnáisiúnta;

— ar fostaithe ar phá íseal iad;

— atá dífhostaithe go fadtéarmach;

— atá i mbaol go ndéanfaí dealú go sóisialta orthu ó dhaoine eile

Cruinniú na nÓg

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*


**Creative Ireland Programme**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media
—
23 Kildare Street,
Dublin 2,
D02 TD30
—
**@CreativeIrl**
**@creativeirl**
**@creativeireland**
—
creativeireland@tcagsm.gov.ie
**creativeireland.gov.ie**